C/2025/4378

9.9.2025

P10_TA(2025)0047

Athshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú

Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 1 Aibreán 2025 ar an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 178/2002, (CE) Uimh. 401/2009, (AE) 2017/745 agus (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathshannadh cúraimí eolaíocha agus teicniúla agus comhar i measc ghníomhaireachtaí an Aontais sa réimse ceimiceán a fheabhsú (COM(2023)0783 – C9-0447/2023 – 2023/0455(COD)) [1]

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

(C/2025/4378)

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Dá réir sin, is é is aidhm don Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht a d'fhéadfadh a bheith ann idir tuairimí eolaíocha an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus tuairimí gníomhaireachtaí eile den Aontas. Tá forálacha i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cheana féin lena mbunaítear nós imeachta chun tuairimí eolaíocha éagsúla a réiteach. Ba cheart na nósanna imeachta réitigh sin a threisiú, sa chaoi is gur cheart a cheangal ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ar an ngníomhaireacht easaontach eile a ndícheall a dhéanamh chun an éagsúlacht maidir le saincheisteanna eolaíochta ginearálta a réiteach ***agus*** nár cheart dóibh í a chur faoi bhráid bainisteoirí riosca ach amháin i gcás nach féidir leo an éagsúlacht a réiteach eatarthu féin.	(8) Dá réir sin, is é is aidhm don Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar an éagsúlacht a bheidh ann amach anseo idir tuairimí eolaíocha an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia agus tuairimí gníomhaireachtaí eile den Aontas. Tá forálacha i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle cheana féin lena mbunaítear nós imeachta chun tuairimí eolaíocha éagsúla a réiteach. Ba cheart na nósanna imeachta réitigh sin a threisiú, sa chaoi is gur cheart a cheangal ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus ar an ngníomhaireacht easaontach eile a ndícheall a dhéanamh chun an éagsúlacht maidir le saincheisteanna eolaíochta ginearálta a réiteach. ***Ba cheart údar cuí a bheith le difríochtaí i modheolaíochtaí measúnúcháin a mbíonn tuairimí éagsúla mar thoradh orthu, go háirithe maidir le grúpaí leochaileacha a chosaint. I gcásanna den sórt sin, ba cheart tús áite a thabhairt don tuairim is cosantaí chun grúpaí leochaileacha a choimirciú.*** Níor cheart dóibh í a chur faoi bhráid bainisteoirí riosca ach amháin i gcás nach féidir leo an éagsúlacht a réiteach eatarthu féin.

[1] Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 60(4), an ceathrú fomhír (A10-0020/2025).

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) I gcás níos sonraí na héagsúlachta eolaíche a bhaineann le haithint guaise substaintí ceimiceacha, ba cheart nós imeachta nua a bhunú lena gcumasófar réiteach na héagsúlachta. Leis an nós imeachta sin, ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, mar an ghníomhaireacht den Aontas ag a bhfuil an saineolas agus an acmhainneacht is mó ó thaobh aithint guaise de, chomh maith le taithí sheanbhunaithe leis an bpróiseas comhchuibhithe aicmithe agus lipéadaithe, togra a fhorbairt le haghaidh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe, i gcomhréir ***le*** Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ag bogadh níos gaire don fhís 'substaint amháin, measúnú amháin' a mhéid a bhaineann le measúnuithe guaise ar cheimiceáin ar fud an Aontais. Ba cheart an fhéidearthacht sin a léiriú san fhoráil ábhartha ina bhforáiltear don réiteach tuairimí eolaíocha éagsúla a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.	(9) I gcás níos sonraí na héagsúlachta eolaíche a bhaineann le haithint guaise substaintí ceimiceacha, ba cheart nós imeachta nua a bhunú lena gcumasófaí réiteach na héagsúlachta. Leis an nós imeachta sin, ba cheart é a chur ar a chumas don Choimisiún a iarraidh ar an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, mar an ghníomhaireacht den Aontas ag a bhfuil an saineolas agus an acmhainneacht is mó ó thaobh aithint guaise de, chomh maith le taithí sheanbhunaithe ar an bpróiseas comhchuibhithe aicmithe agus lipéadaithe, togra a fhorbairt le haghaidh aicmiú agus lipéadú comhchuibhithe, i gcomhréir ***le*** Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ag bogadh níos gaire don fhís 'substaint amháin, measúnú amháin' a mhéid a bhaineann le haonfhoirmeacht na measúnuithe guaise ar cheimiceáin ar fud an Aontais***, lena bhfeabhsaítear an chosaint ar an tsláinte agus ar an gcomhshaol***. Ba cheart an fhéidearthacht sin a léiriú san fhoráil ábhartha ina bhforáiltear don réiteach ar thuairimí eolaíocha éagsúla a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin

Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Leis an Rialachán seo, leathnaítear cúraimí, ualach oibre agus sainchúram choistí eolaíocha na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán. Chun saineolas leormhaith, tacaíocht agus meastóireachtaí eolaíocha críochnúla a sholáthar, ba cheart acmhainní iomchuí agus cobhsaí, acmhainneacht agus rialachas na gcoistí eolaíocha a áirithiú. Ina leith sin, ba cheart don Choimisiún Eorpach faireachán rialta a dhéanamh ar riachtanais na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán a eascraíonn as an Rialachán seo, agus acmhainní leordhóthanacha cobhsaí a sholáthar don Ghníomhaireacht.

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
I gcás ina sainaithneoidh an tÚdarás foinse éagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith ann, déanfaidh sé teagmháil leis an gcomhlacht lena mbaineann chun a áirithiú go roinnfear an fhaisnéis ábhartha eolaíoch nó theicniúil uile agus chun na saincheisteanna eolaíocha nó teicniúla a d'fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint.	I gcás ina sainaithneoidh an tÚdarás foinse ionchasach éagsúlachta, déanfaidh sé teagmháil leis an gcomhlacht lena mbaineann chun a áirithiú go gcomhroinnfear an fhaisnéis ábhartha eolaíoch nó theicniúil uile agus chun na saincheisteanna eolaíocha nó teicniúla a d'fhéadfadh a bheith conspóideach a shainaithint. ***Tabharfar údar cuí le difríochtaí i modheolaíochtaí measúnúcháin as a n-eascraíonn tuairimí éagsúla, go háirithe maidir le grúpaí leochaileacha a chosaint.***

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

Airteagal 30 – mír 2 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Rachaidh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar chun an éagsúlacht a réiteach. I gcás nach bhféadfadh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann an éagsúlacht a réiteach, tarraingeoidh siad suas tuarascáil chomhpháirteach. Beidh achoimre shoiléir sa tuarascáil ar na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha ***agus*** sainaithneofar inti na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí.	Rachaidh an tÚdarás agus an comhlacht lena mbaineann i gcomhar chun an éagsúlacht a réiteach***, a mbeidh mar aidhm leis an leibhéal is airde cosanta don tsláinte agus don chomhshaol a áirithiú. Tabharfar tosaíocht don tuairim a thugann an leibhéal cosanta is airde chun na grúpaí is leochailí a choimirciú***. Murar féidir leis an Údarás ná leis an gcomhlacht lena mbaineann an éagsúlacht a réiteach, tarraingeoidh siad suas tuarascáil chomhpháirteach. Beidh achoimre shoiléir sa tuarascáil ar na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha***,*** sainaithneofar inti na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí agus ***na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis na tuairimí éagsúla, lena n-áirítear na tuairimí ar na difríochtaí modheolaíochta, agus*** cuirfear an tuarascáil ar fáil go poiblí.

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

Airteagal 30 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. I gcás ina bhfuil éagsúlacht shubstainteach maidir le saincheisteanna eolaíocha sainaitheanta agus inar comhlacht de chuid Ballstáit é an comhlacht i dtrácht, beidh sé d'oibleagáid ar an Údarás agus ar an gcomhlacht náisiúnta dul i gcomhar le chéile d'fhonn an éagsúlacht a réiteach nó doiciméad comhpháirteach a ullmhú ina soiléirítear na saincheisteanna eolaíocha conspóideacha agus ina sainaithnítear na héiginnteachtaí ábhartha sna sonraí. Cuirfear an doiciméad sin ar fáil don phobal.

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (CE) Uimh. 178/2002

Airteagal 3 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. I gcásanna ina sainaithnítear éagsúlacht, agus ina n-iarrann an tÚdarás faisnéis bhreise ón údarás eile de chuid an Aontais nó de chuid na mBallstát, féadfar síneadh a chur leis an tréimhse faoina gceanglaítear ar na húdaráis ábhartha a n-aschur faoi seach, nó an t-aschur comhpháirteach dá dtagraítear i mír 2, a ghlacadh. Tar éis dul i gcomhairle leis an gcomhlacht lena mbaineann, déanfaidh an tÚdarás tréimhse a leagan síos ar lena linn atá an fhaisnéis sin le soláthar agus cuirfidh sé an Coimisiún ar an eolas faoin tréimhse bhreise is gá. Cuirfidh an Coimisiún na hoibreoirí gnó agus na Ballstáit lena mbaineann ar an eolas faoin síneadh.

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1

Rialachán (AE) 2017/745

Iarscríbhinn – Roinn 10.4.1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(b) substaintí ***a shainaithnítear*** mar shuaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine, de Chatagóir 1, i gcomhréir le Cuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchríneach a bhfuil fianaise eolaíoch ina leith ann gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchríneach atá ábhartha do shláinte an duine a shainaithnítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. ([12])	(b) substaintí ***a aicmítear*** mar shuaiteoirí inchríneacha maidir le sláinte an duine, de Chatagóir 1, i gcomhréir le Cuid 3 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]) agus substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchrínigh a bhfuil fianaise eolaíoch ann ina leith gur dócha go bhfuil éifeachtaí tromchúiseacha acu ar shláinte an duine agus a shainaithnítear i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 59 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle nó substaintí ag a bhfuil airíonna suaiteora inchrínigh atá ábhartha do shláinte an duine a shainaithnítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.
([12]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).	([12]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoir 67/548/CEE agus Treoir 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (AE) 2019/1021

Airteagal 8 – mír 1a – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(a) ***de réir mar is iomchuí,*** faisnéis ar na tionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a bhíonn ag dramhaíl arb é Truailleáin Orgánacha Mharthanacha atá inti, a bhfuil Truailleáin Orgánacha Mharthanacha inti nó atá éillithe le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha, lena n-áirítear tionchair ar an mbainistíocht dramhaíola;	(a) faisnéis ar na tionchair ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol a bhíonn ag dramhaíl atá comhdhéanta de thruailleáin orgánacha mharthanacha, ina bhfuil truailleáin orgánacha mharthanacha nó atá éillithe le truailleáin orgánacha mharthanacha, lena n-áirítear tionchair ar an mbainistíocht dramhaíola;

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (AE) 2019/1021

Airteagal 8 – mír 1 a – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe a gheobhaidh sí an iarraidh dá dtagraítear ***sa chéad fhomhír***, pointe (i), fógra a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin go n-ullmhófar tuarascáil ar leasú féideartha ar Iarscríbhinn IV nó V agus iarrfaidh sí ar gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear oibreoir dramhaíola agus úsáideoirí ábhar athchúrsáilte, barúlacha a chur isteach laistigh de 8 seachtaine. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na barúlacha sin ar a suíomh gréasáin.	Déanfaidh an Ghníomhaireacht, a luaithe a gheobhaidh sí an iarraidh dá dtagraítear in ***Airteagal 8(1)***, pointe (i), fógra a fhoilsiú ar a suíomh gréasáin go n-ullmhófar tuarascáil ar leasú féideartha ar Iarscríbhinn IV nó V lena n-iarrfar ar gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear oibreoir dramhaíola agus úsáideoirí ábhar athchúrsáilte, barúlacha a chur isteach laistigh de 8 seachtaine. Foilseoidh an Ghníomhaireacht na barúlacha sin ar a suíomh gréasáin.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 2

Rialachán (AE) 2019/1021

Airteagal 8 – mír 1a – fomhír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9 mí ar a dhéanaí i ndiaidh an tuarascáil ***sin*** a chur isteach, déanfaidh Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta, arna chur ar bun de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, tuairim maidir leis an tuarascáil agus maidir leis na teorainnluachanna tiúchana a bheartaítear ann a ghlacadh. Chun tuairim ar an tuarascáil a ghlacadh, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 87 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.	9 mí ar a dhéanaí i ndiaidh an tuarascáil ***dá dtagraítear in Airteagal 8(1), pointe (i)*** a thíolacadh, déanfaidh Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch na Gníomhaireachta, arna chur ar bun de bhun Airteagal 76(1), pointe (d), de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, tuairim maidir leis an tuarascáil agus maidir leis na teorainnluachanna tiúchana a bheartaítear ann a ghlacadh. Chun tuairim ar an tuarascáil a ghlacadh, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 87 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4

Rialachán (AE) 2019/1021

Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cumhachtaítear an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18, chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní IV agus V chun iad a oiriúnú do na hathruithe ar an liosta substaintí a leagtar amach ***sna*** hIarscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal nó chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.	2. Tugtar de chumhacht don Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18, chun leasú a dhéanamh ar Iarscríbhinní IV agus V chun iad a oiriúnú do na hathruithe ar an liosta substaintí a leagtar amach in Iarscríbhinní ***I, II nó III a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, nó leis na hIarscríbhinní*** ghabhann leis an gCoinbhinsiún nó leis an bPrótacal nó chun iad a oiriúnú don dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil.

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 4 a (nua)

Rialachán (AE) 2019/1021

Airteagal 16 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(4a) In Airteagal 16, cuirtear an mhír seo a leanas leis:
	'2a. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar an staid maidir le hacmhainní na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán agus cúraimí, ualach oibre agus sainchúram choistí eolaíocha na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán agus, i gcás inar gá, tíolacfaidh sé togra reachtach chun aon riachtanais de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán a eascraíonn as na cúraimí a thugtar isteach leis an Rialachán seo a léiriú agus chun rialachas a choistí eolaíocha a fheabhsú.'

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 5 – pointe c

Rialachán (AE) 2019/1021

Airteagal 18 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 2 agus 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid.	6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun Airteagail 4(3), 10(2) agus 15 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa nó ag an gComhairle laistigh de thréimhse 2 mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. ***Féadfar síneadh 2 mhí a chur leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle'***.

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5 – pointe c a (nua)

Rialachán (AE) 2019/1021

Iarscríbhinn IV – Tábla 1 – Ró 5

An téacs atá ann			
Alcáin C10-C13, clóra (pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha) (SCCPanna)	85535-84-8	287-476-5	1 500 mg/kg Déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***togra reachtach*** chun an luach sin a ísliú ***tráth nach déanaí ná an 30 Nollaig 2027***.

Leasú			
(ca) in Iarscríbhinn IV, tábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 5:			
Alcáin C10-C13, clóra (pairifíní clóirínithe gearrshlabhracha) (SCCPanna)	85535-84-8	287-476-5	1 500 mg/kg ***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú.

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5 – pointe c b (nua)

Rialachán (AE) 2019/1021

Iarscríbhinn IV – Tábla 1 – Ró 12

An téacs atá ann			
Débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD/PCDF) agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsainiúla (dl-PCBanna)			5 µg/kg Déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***togra reachtach*** chun an luach sin a ísliú***, i gcás inarb indéanta an t-ísliú sin i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, tráth nach déanaí ná an 30 Nollaig 2027***.

Leasú			
(cb) in Iarscríbhinn IV, tábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 12:			
Débheinsi-p-dé-ocsainí polaclóirínithe agus débheinseafúráin pholaclóirínithe (PCDD/PCDF) agus défheinilí polaclóirínithe dé-ocsainiúla (dl-PCBanna)			5 µg/kg ***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú.

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5 – pointe c c (nua)

Rialachán (AE) 2019/1021

Iarscríbhinn IV – Tábla 1 – Ró 27

An téacs atá ann			
Heicseabrómaiciogladóideacán ([1])	25637-99-4, 3194-55-6, 134237-50-6, 134237-51-7, 134237-52-8	247-148-4 221-695-9	500 mg/kg Déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***togra reachtach*** chun an luach sin a ísliú go luach nach airde ná 200 mg/kg ***tráth nach déanaí ná an 30 Nollaig 2027***.

([1]) Ciallaíonn 'heicseabrómaiciogladóideacán': heicseabrómaiciogladóideacán, 1,2,5,6,9,10-heicseabrómaiciogladóideacán agus a dhiaisteiré-isiméirí príomha: alfa-heicseabrómaiciogladóideacán béite-heicseabrómaiciogladóideacán, agus gáma-heicseabrómaiciogladóideacán..

Leasú			
(cc) in Iarscríbhinn IV, tábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 27:			
Heicseabrómaiciogladóideacán ([1])	25637-99-4, 3194-55-6, 134237-50-6, 134237-51-7, 134237-52-8	247-148-4 221-695-9	500 mg/kg ***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú go luach nach airde ná 200 mg/kg.

([1]) Ciallaíonn 'heicseabrómaiciogladóideacán': heicseabrómaiciogladóideacán, 1,2,5,6,9,10-heicseabrómaiciogladóideacán agus a dhiaisteiré-isiméirí príomha: alfa-heicseabrómaiciogladóideacán béite-heicseabrómaiciogladóideacán, agus gáma-heicseabrómaiciogladóideacán.

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5 – pointe c d (nua)

Rialachán (AE) 2019/1021

Iarscríbhinn IV – Tábla 1 – Ró 30

An téacs atá ann			
Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I	335-67-1 agus cinn eile	206-397-9 agus cinn eile	1 mg/kg (PFOA agus a shalainn), 40 mg/kg (suim na gcomhdhúl PFOA-gaolmhar) Déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***togra reachtach*** chun an luach sin a ísliú***, i gcás inarb indéanta an t-ísliú sin i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, tráth nach déanaí ná an 30 Nollaig 2027***.

Leasú			
(cd) in Iarscríbhinn IV, tábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 30:			
Aigéad sárfhluarochtánóch (PFOA), a shalainn agus a chomhdhúile PFOA-ghaolmhara, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I	335-67-1 agus cinn eile	206-397-9 agus cinn eile	1 mg/kg (PFOA agus a shalainn), 40 mg/kg (suim na gcomhdhúl PFOA-gaolmhar) ***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5 – pointe c e (nua)

Rialachán (AE) 2019/1021

Iarscríbhinn IV – Tábla 1 – Ró 31

An téacs atá ann			
Aigéad sárfhluaraiheacsáin sulfónach (PFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara	355-46-4 agus cinn eile	206-587-1 agus cinn eile	1 mg/kg (PFHxS agus a shalainn), 40 mg/kg (suim na gcomhdhúl PFHxS-gaolmhar) Déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***togra reachtach*** chun an luach sin a ísliú***, i gcás inarb indéanta an t-ísliú sin i gcomhréir le dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, tráth nach déanaí ná an 30 Nollaig 2027***.

Leasú			
(ce) in Iarscríbhinn IV, tábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad ró 31:			
Aigéad sárfhluaraiheacsáin sulfónach (PFHxS), a shalainn agus a chomhdhúile PFHxS-ghaolmhara	355-46-4 agus cinn eile	206-587-1 agus cinn eile	1 mg/kg (PFHxS agus a shalainn), 40 mg/kg (suim na gcomhdhúl PFHxS-gaolmhar) ***Faoin 30 Nollaig 2027,*** déanfaidh ***an*** Coimisiún athbhreithniú ar an teorainn tiúchana sin agus, i gcás inarb iomchuí, glacfaidh sé ***gníomh tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 15(2)*** chun an luach sin a ísliú.